# CUAILLE

AIBREÁN 2020

# Clár


| | |
|---|---|
| *Teachtaireacht An Uachtaráin* | 3 |
| *Ár gCluichí  Ár Laochra - Jarlath Óg Burns* | 4 |
| *Do Threibh, Do Chontae!* | 6 |
| *An Lá a Chroith Na Dubs Páirc an Chrócaigh* | 7 |
| *Ár gCluichí Ár Laochra - Cathal Barrett* | 10 |
| *Saol Thomáis Uí Fhlatharta – Cluastuiscint do Lucht Ardteiste!* | 12 |
| *Cuardach Focal* | 13 |
| *Seachtain na Gaeilge Gach Seachtain* | 15 |
| *Crosfhocal* | 18 |
| *Scór – An bhfuil do chlub páirteach ann?* | 19 |
| *Do Chlub, Do Chontae - CLG Naomh Dominic, Ros Comáin* | 20 |
| *Cúinne na hArdteiste - Ríthe na Tuaithe* | 21 |
| *10 x Ceist #GAAgaeilge Oraibh!* | 22 |
| *An Síol a Cuireadh sa tSneachta* | 24 |
| *Codanna an Chamáin* | 26 |
| *Freagraí* | 27 |



# Teachtaireacht An Uachtaráin

Is cúis mhór áthais dom go bhfuil an iris nua arlíne seo, ‘Cuaille’, ar fáil anois agus tá súil agam go mbainfidh idir óg agus aosta taitneamh agus tairbhe as a bhfuil ann. Cuirfear an iris seo ar fáil uair sa ráithe agus i measc na míreanna a bheidh ann beidh ‘Ár gCluichí, Ár gCultúr’, crosfhocail, ‘Do Chlub, Do Chontae’, míreanna club agus go leor leor eile.

Tá an Ghaeilge ag croílár Chumann Lúthchleas Gael agus tá sí fite fuaite, ar chuile bhealach, inár gcuid cluichí. Tabharfaidh an foilseachán nua seo deis dúinn ardán a thabhairt do na rudaí éagsúla atá ar siúl againn chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Úsáidfear an iris seo chun an Ghaeilge a chur chun cinn i ngach gné de chuid Chumann Lúthchleas Gael, ó na cluichí go dtí na Cúl Camps agus ó na Cumainn Fholláine go dtí na GAA Go Games.

Tá an t-ádh orainn go bhfuil an oiread sin imreoirí agus ball againn fud fad na tíre, ag leibhéal an chlub agus ag leibhéal idirchontae, a bhfuil Gaeilge acu. Is mian linn freastal ar an dream sin tríd an iris seo chomh maith le freastal ar fhoghlaimeoirí agus ar lucht an chúpla focal. Beidh rud éigin do gach duine san iris seo.

Tá súil agus go mbainfidh sibh uilig sult as na scéalta agus gné-ailt éagsúla a chuirfear ar fáil anseo. GAAgaeilge Abú!

***Seán Ó hÓráin***
***Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael***



# Ár gCluichí Ár Laochra

## Jarlath Óg Burns

***Is é Jarlath Óg Burns atá faoin spotsholas an iarraidh seo mar chuid den tsraith 'Ár gCluichí, Ár Laochra'. D'imir Jarly Óg an-pheil le hArd Mhacha i mbliana agus bhí sé lárnach i ngach rud maith a rinne siad. Tá lucht leanta Chontae an Úlloird an-sásta go mbeidh a leithéid ag tús cadhnaíochta dóibh sna blianta amach romhainn.***

***'Is í an Ghaeilge an teanga labhartha sa bhaile agam agus is breá liom é sin. Tá CLG go hiomlán ar son na Gaeilge agus tá mé bródúil a bheith i mo bhall de eagraíocht a bhfuil luach mar sin aici.'***



*Jarlath Óg Burns, Meitheamh 2019*

***Seo mar a d'fhreagair Jarlath ár gcuid ceisteanna!***

**Ainm:**
Jarlath Óg Burns

**Aois:**
21

**Club:**
Béal Átha an Airgid – Ard Mhacha

**Contae:**
Ard Mhacha

**An scannán is fearr leat?**
Avengers Infinity War

**An banna ceoil is fearr leat?**
Linkin Park

**An áit is fearr leat?**
Ard Mhacha Theas

**An bia is fearr leat?**
Lasagne

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Darragh Ó Sé

**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Ag imirt peile amuigh sa chlós ar chúl an tí



**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
Faoi 14 – Blitz a bhí ann

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Aaron Duffy ó mo chlub féin

**An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:**
Seán Ó Sé

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Cluiche Leathcheannais Chorn Mhic Ruairí 2016

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**
Níl sé tagtha fós!

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
Ardú céime dhá bhliain i ndiaidh a chéile

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Mo athair

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Déan cleachtadh ar na scileanna bunúsacha agus beidh tú i gceart

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Dairteanna, galf, cispheil

***Gluais*** / Glossary
***An iarraidh seo*** – this time ***lárnach*** – central ***Contae an Úlloird*** – Orchard County ***ag tús cadhnaíochta*** – to the fore ***teanga labhartha*** – spoken language ***eagraíocht*** – organisations ***luach*** – value ***Corn Mhic Ruairí*** – MacRory Cup ***ardú céime*** – promotion ***i ndiaidh a chéile*** – in a row ***cleachtadh*** – practice ***bunúsach*** – basic ***dairteanna*** - darts



*"Chaith mé tréimhse sa Ghaeltacht agus mé óg. Cloisim an teanga ar bhonn laethúil sa bhaile agus san ollscoil. Tá Gaeilge le mothú go láidir i measc mo chuid cairde agus le baill an teaghlaigh. Irish is an integral part of our culture."*

***Jarlath Óg Burns, Ard Mhacha***



# Do Threibh, Do Chontae!

*Cá mhéad Craobh Peile Uile-Éireann atá buaite ag do chontae?*

| LAIGHIN | 51 |
|---|---|
| Áth Cliath | 29 |
| Ceatharlach | 0 |
| Cill Chainnigh | 0 |
| Cill Dara | 4 |
| Cill Mhantáin | 0 |
| An Iarmhí | 0 |
| Laois | 0 |
| Loch Garman | 5 |
| An Longfort | 0 |
| An Lú | 3 |
| An Mhí | 7 |
| Uíbh Fhailí | 3 |

| ULAIDH | 17 |
|---|---|
| Aontroim | 0 |
| Ard Mhacha | 1 |
| An Cabhán | 5 |
| Doire | 1 |
| An Dún | 5 |
| Dún na nGall | 2 |
| Fear Manach | 0 |
| Muineachán | 0 |
| Tír Eoghain | 3 |

| CONNACHTA | 14 |
|---|---|
| Gaillimh | 9 |
| Liatroim | 0 |
| Maigh Eo | 3 |
| Ros Comáin | 2 |
| Sligeach | 0 |

| AN MHUMHAIN | 50 |
|---|---|
| Ciarraí | 37 |
| An Clár | 0 |
| Corcaigh | 7 |
| Luimneach | 2 |
| Port Láirge | 0 |
| Tiobraid Árann | 4 |



# An Lá a Chroith Na Dubs Páirc an Chrócaigh

## Áth Cliath 1-12
## Ciarraí 1-11

### Cluiche Ceannais Peile na hÉireann, Páirc an Chrócaigh, 18 Meán Fómhair, 2011



***Croitheadh 1***

Bhí 63 nóiméad is 25 soicind imithe ar an gclog agus seilbh na liathróide ag na Ciarraígh. Bhí siad ar a gcompord. 1-10 go dtí 0-09 chun tosaigh agus smacht iomlán acu ar an gcluiche. Ní fhéadfaidís é a chailleadh, an bhféadfadh?

Ansin, sa chéad ghluaiseacht eile chuir na Ciarraígh pas láimhe ar strae agus d'éirigh le Cian O'Sullivan a lámh a fháil ar an liathróid. Tarraingíodh anuas é agus bhí saorchic aige i lár na páirce. Céard a d'fhéadfadh na Dubs a dhéanamh leis an saorchic?

Bhreathnaigh O'Sullivan suas agus chonaic sé Alan Brogan ar an 45. Isteach leis an liathróid chuig Brogan go sciobthaí, chas sé agus chonaic Kevin McManamon a bhí ar an 21 ar thaobh na láimhe deise ón gcúl agus an liathróid uaidh go géar. Isteach leis an liathróid chuige. Chas sé i dtreo an chúil agus ghearr sé isteach ar an spás ar thaobh na láimhe clé de Declan O'Sullivan. Síos le cloigeann McManamon agus bháigh an liathróid ar chlé de Brendan Kealy go cúl na heagaí. Bhí na Dubs ar ais sa chluiche!

Thabharfainn an leabhar gur bhog Páirc an Chrócaigh. Bhí Áth Cliath ar ais sa chluiche agus meascán de sceitmíní agus teannas ar a raibh i láthair.

***Croitheadh 2***

Chroith Páirc an Chrócaigh arís go gairid théis do McManamon a chúl a scóráil. Bhí fuadar faoi na Dubs anois agus, nóiméad níos deireanaí, d'aimsigh Kevin Nolan an chéad scór eile leis na foirne a chur cothrom. Ba é sin an chéad scór a d'imsigh Nolan riamh sa chraobh. An-scór mar chéad scór! Chroith Páirc an Chrócaigh arís. Bhí Ciarraí i bponc ceart agus bhí an lámh in uachtar ag foireann Pat Gilroy.

D'aimsigh Bernard Brogan an chéad scór eile sa 69ú nóiméad. Bhí na Dubs cúilín amháin chun tosaigh agus bhí muid sa nóiméad deireanach de ghnátham imeartha.

Bhí seans ag Michael Darragh MacAuley ó chic amach Chiarraí ach chuir sé ar fóraoil é. An chéad rud eile, chuaigh Ciarraí suas an taobh eile den pháirc agus d'aimsigh Kieran Donaghy scór gleoite sa nóiméad deireanach. D'fhág sé seo go raibh na foirne cothrom agus iad istigh in am cúitimh gortaithe.

***Am Cúitimh Gortaithe***

Bhí dhá nóiméad de am cúitimh gortaithe le bheith ann. Bhronn an réiteoir saorchic ar na Dubs théis an chic amach. Tharraing Donaghy síos Ger Brennan ach shínigh Brennan amach a lámh le Donaghy a leagan. Bhí an liathróid le caitheamh suas. Isteach le hÉamonn Fennell agus Donaghy agus d'éirigh leis na Dubs an liathróid a fháil ar ais. Suas leis an liathróid do Dhiarmuid Connolly a choinnigh í ar feadh seal go bhfaca sé McManamon taobh istigh de líne 45 méadar Chiarraí. Calaois! Tarraingíodh síos McManamon agus an liathróid ina sheilbh aige. Bhí cic saor ag Áth Cliath le Corn Sam Maguire a bhuachan!




***Croitheadh 3***

Ghlaoigh Bernard Brogan anuas ar Stephen Cluxton chun an cic a thógáil. Rinne sé a bhealach suas go dtí an liathróid go mall tomhaiste. Bhí an teannas thimpeall ar Pháirc an Chrócaigh le brath. Chuir sé síos an liathróid go deas cúramach. Bhí Donaghy seasta os a chomhair amach, 14 slat ón liathróid is a lámha in airde aige. Bhreathnaigh Cluxton idir an dá chuaille agus…a mhac go deo! Bhí cúilín aimsithe aige!

Nuair a shéid an reiteoir a fhead deiridh go gairid ina dhiaidh sin bhí pléascadh mór millteach i bPáirc an Chrócaigh nár airigh muintir Átha Cliath riamh.

Chroith Páirc an Chrócaigh. Scaoileadh mór faoisimh, frustrachais is áthais théis ghorta mór Átha Cliath. Bhí Sam ag fanacht sa phríomhchathair agus bhí na Dubs ar an gCnoc ar mhuin na muice!

Beidh cuimhne ag muintir Átha Cliath ar an lá sin go deo. Pat Gilroy thíos ar a dhá ghlúin ag deireadh an chluiche, na bratacha gorma ar an gCnoc, an deatach gorm ar an gCnoc, fir mhóra ag caoineadh, na Brogans ag ceiliúradh le Pillar Caffrey a bhí ag obair amuigh ar an bpáirc, Tomás Ó Sé ag bronnadh na liathróide ar Cluxton, Cúl Kevin McManamon, cúilín Kevin Nolan. Lá speisialta do na Dubs!



> *Bíonn ról lárnach ag an nGaeilge i mo shaol. D'fhás an grá don teanga sna sé bliana a chaith mé sa mheánscoil i gColáiste Eoin. Nuair a éiríonn liom mo chéim sa choláiste a bhaint amach, ba bhreá liom post a fháil i nGaelscoil mar mhúinteoir bunscoile.*

***Fergal Whitely, Áth Cliath***

















CUMANN LÚTHCHLEAS GAEL

# GAA FOR ALL

## CLG do Chách


**Tuilleadh Eolais : Gearóidin Ní Thaibhís**
**01 8192363**
**geraldine.mctavish@gaa.ie**

**Cúige Connacht:** ***Denis O'Boyle***
***denisoboyle@gmail.com***

***Cúige Mumhan: Gerry McNamara***
***gerry.mc@live.ie***

***Cúige Laighean :Pat Lynagh***
***patlynagh@eircom.net***

***Cúige Uladh: Michael Geoghagan***
***Treasurer.ulster@gaa.ie***




# Ár gCluichí Ár Laochra

## Cathal Barrett

*San eagrán seo de Ár gCluichí, Ár Laochra, cuireann muid 20 ceist dheacra ar Cathal Barrett! Tá dhá Chraobh uile-Éireann buaite ag fear Mhainistir na Croise Naofa – Bealach Achaille – thiar sa bhliain 2016 agus arís eile i mbliana, dar ndóigh. Tá trí Ghradam All-Star buaite aige agus is laoch mór é de chuid lucht leanta na dTiobradach!*

*"Is í an Ghaeilge an fhéiniúlacht atá ag gach mac is iníon máthar atá ina gcónaí ar an oileán seo" (Cathal Barrett, 2019)*




*Seo thíos mar a d'fhreagair Cathal ár gcuid ceisteanna!*

**Ainm:**
Cathal Ó Baróid

**Aois:**
Fiche sé

**Club:**
Mainistir na Croise

**Contae:**
Tiobraid Árann

**Slí Bheatha:**
Múinteoir

**An scannán is fearr leat?**
The Green Mile

**An banna ceoil is fearr leat?**
Backstreet Boys

**An áit is fearr leat?**
Páirc an Chrócaigh

**An bia is fearr leat?**
Stéig agus oinniúin

**An t-imreoir ab fhearr leat nuair a bhí tú óg:**
Eoin Kelly nó Tommy Walsh



**An chéad chuimhne CLG atá agat:**
Foireann mo chlub nuair a bhí mé an-óg

**An chéad uair ar imir tú le do chontae:**
Nuair a bhí mé cúig bliana déag d'aois. D'imir mé f16 le Tiobraid Aránn.

**An t-imreoir is fearr le himirt leat:**
Paudie Maher nó Eoin Kelly

**An t-imreoir is fearr le himirt i do aghaidh:**
Henry Shefflin nó Patrick Horgan

**An cluiche is fearr a d'imir tú riamh:**
Cluiche Ceannais na hÉireann dhá mhíle is a sé déag

**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chontae go dtí seo:**
Cluiche Ceannais na hÉireann a bhuachan i dhá mhíle is a sé déag


**Buaicphointe do shaoil imeartha le do chlub go dtí seo:**
Bhuaigh mé cluichí ceannais contae nuair a bhí mé níos óige.

**An duine is mó a raibh tionchar aige/aici ar do shaol imeartha go dtí seo:**
Ba é mo athair an duine a d'imir an tionchar is mó ar mo shaol.

**Aon chomhairle agat do imreoirí óga?**
Roghnaigh an bóthar níos lú i gcónaí!

**Aon chaitheamh aimsire eile?**
Tá cúpla caitheamh aimsire agam. Is maith liom rugbaí, leadóg agus gailf.

***Gluais*** / Glossary
***Eagrán*** – edition ***Mhainistir na Croise Naofa*** – Bealach Achaille / Holycross – Ballycahill ***Tiobradach*** – Tipperary person ***Féiniúlacht*** – Identity
***Saol Imeartha*** – Playing career ***Tionchar*** / Influence ***Roghnaigh*** / Choose



*"Is í an Ghaeilge an fhéiniúlacht atá ag gach mac is iníon máthar atá ina gcónaí ar an oileán seo."*

***Cathal Barrett, Tiobraid Árann***




# Saol Thomáis Uí Fhlatharta – Cluastuiscint do Lucht Ardteiste!

***San eagrán seo de phodchraoladh oifigiúil Chumann Lúthchleas Gael, a bhíonn á chur i láthair ag lucht An Spota Dubh ó Raidió na Life, labhraíonn Tomás Ó Flatharta faoina shaol 'caide'. Insíonn sé scéalta dúinn faoina óige i mBaile an Fheirtéaraigh agus labhraíonn sé faoin laoch mór a bhí aige is é ina ghasúr, Mick O'Connell. Chomh maith leis sin tugann sé léargas dúinn ar a laethanta mar bhainisteoir ar an Iarmhí, ar Ghaillimh agus ar Laois.***

Éist leis an bpodchraoladh anseo: https://soundcloud.com/user-147517856/an-spota-dubh-ag-caint-le-tomas-o-flatharta agus freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. **Cén aois a bhí Tomás nuair a thosaigh sé ag imirt le foireann shinsir na Gaeltachta don chéad uair?**
2. **Ce leis a raibh Tomás ag obair i gCorcaigh?**
3. **Cén bhliain inar stop Tomás ag filleadh abhaile ar an deireadh seachtaine le himirt leis an nGaeltacht?**
4. **Cé a bhíodh ag traenáil imreoirí Chiarraí i 'Belfield' nuair a tháinig Tomás go Baile Átha Cliath i dtosach?**
5. **Cén club i mBaile Átha Cliath ar imir Tomás leo sular thosaigh sé ag imirt le Cill Mochuda na Crócaigh?**
6. **Cén chéad phost bainistíochta a bhí ag Tomás leis na Crócaigh?**
7. **Cén chraobh a bhuaigh an Iarmhí faoi réimeas Pháidí agus Thomáis?**
8. **Ainmnigh an dá chontae ina raibh Tomás mar bhainisteoir orthu tar éis dó éirí as an Iarmhí?**
9. **Cén fáth a raibh an seal a chaith Tomás le Gaillimh deacair air?**
10. **Ainmnigh trí chlub ar oibrigh Tomás leo ó d'éirigh sé as mar bhainisteoir ar Laois?**

***FREAGRAÍ***



***Gluais*** / Glossary
***Eagrán*** – edition ***podchraoladh*** – podcast ***caid*** – peil
***laoch*** – hero ***léargas*** – insight ***ag filleadh*** – returing
***post bainistíochta*** – management job
***réimeas*** – regime ***seal*** – period

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| S | R | F | Y | P | O | R | T | L | A | O | I | S | E | W | E | W | A | T | D |
| E | D | A | I | M | H | I | N | I | S | H | S | S | Ú | Í | F | T | H | O | G |
| A | A | L | A | A | B | C | I | L | L | S | L | É | I | B | H | E | A | S | L |
| M | A | A | D | N | I | L | C | I | D | T | I | O | B | É | R | A | N | I | D |
| R | S | O | Ú | P | E | Á | N | L | Ú | Á | R | N | B | I | R | O | M | I | G |
| Ó | F | C | N | A | F | I | A | N | N | A | N | A | A | R | S | C | A | E | A |
| G | T | H | D | S | T | H | O | L | F | N | A | O | I | E | O | M | I | C | H |
| A | O | R | O | Á | A | C | M | C | E | L | E | M | N | Ó | I | Á | G | A | N |
| A | B | A | I | I | L | I | H | H | A | A | H | H | Á | G | N | M | H | L | R |
| N | A | L | R | S | A | T | A | A | R | I | L | M | L | A | O | Á | L | Ú | Ó |
| M | R | O | E | T | H | L | B | I | T | N | N | O | I | R | G | T | H | A | D |
| H | A | C | O | E | G | C | Á | N | A | R | D | C | L | O | C | H | N | N | Á |
| U | N | H | H | G | R | A | N | A | N | Á | G | H | H | S | A | Á | B | C | H |
| I | C | L | R | M | Á | N | A | R | B | T | A | T | I | M | L | N | L | H | T |
| L | H | A | E | A | N | B | H | O | T | H | N | A | A | U | H | A | I | R | U |
| I | O | O | L | L | A | E | M | A | O | N | L | Á | N | C | N | A | G | E | A |
| N | I | H | A | B | R | H | A | R | M | A | O | T | H | A | I | L | L | A | I |
| N | R | T | O | M | D | O | T | E | Í | O | N | M | T | A | G | O | L | T | R |
| C | E | F | I | U | S | G | N | Ó | C | I | L | L | C | H | U | A | H | A | Í |
| H | Í | B | A | I | L | E | E | A | C | H | A | I | D | H | L | A | B | L | N |
| E | G | L | I | U | D | Á | M | O | T | P | O | H | M | A | N | I | M | A | S |
| A | P | M | C | A | N | G | H | A | E | L | T | A | C | H | T | L | Ú | C | G |
| R | A | M | O | R | A | O | N | T | A | I | T | H | E | B | R | F | Á | H | N |
| R | H | C | T | A | C | I | L | L | C | H | A | R | T | H | A | I | G | H | M |
| A | N | P | O | R | T | R | U | A | H | T | B | H | F | L | U | N | F | H | A |
| Ó | I | N | A | O | M | H | M | Á | I | R | T | Í | N | P | É | N | S | T | U |

# Cuardach Focal

| | |
|---|---|
| Áth Cliath | **Na Fianna** |
| Ceatharlach | **Éire Óg** |
| Cill Chainnigh | **Dún Fearta** |
| Cill Dara | **Ard Cloch** |
| Cill Mhantáin | **Rath Naoi** |
| An Iarmhí | **Seamróga an Mhuilinn Chearr** |
| Laois | **Port Laoise** |
| Loch Garman | **Naomh Mairtín** |
| An Longfort | **Gránard** |
| An Lú | **Naomh Mochta** |
| An Mhí | **Dún Doire** |
| Uíbh Fhailí | **Ród** |
| | |
| Aontroim | **Laochra Loch Lao** |
| Ard Mhacha | **Cill Sléibhe** |
| An Cabhán | **Ramor Aontaithe** |
| Doire | **Baile Eachaidh** |
| An Dún | **Cill Chua** |
| Dún na nGall | **Cill Charthaigh** |
| Fear Manach | **Daimhinis** |
| Muineachán | **An Bhoth** |
| Tír Eoghain | **An Maigh** |
| | |
| Gaillimh | **Ros Muc** |
| Liatroim | **Maothail** |
| Maigh Eo | **Tuairín** |
| Ros Comáin | **Ail Finn** |
| Sligeach | **Tobar an Choire** |
| | |
| Ciarraí | **An Ghaeltacht** |
| An Clár | **An Chreatalach** |
| Corcaigh | **Naomh Abán** |
| Luimneach | **Áthán** |
| Port Láirge | **An Pasáiste** |
| Tiobraid Árann | **An Port Rua** |



**FREAGRAÍ**

Cumann Lúthchleas Gael

SCÓR




# Ceiliúradh ar Amhránaíocht, Dhamhsa, Cheol agus ar Dhrámaíocht

Rince Foirne | Amhránaíocht Aonair | Aithriseoireacht/Scéalaíocht | Bailéad-Ghrúpa Nuachleas | Ceol Uirlise | Rince Seit | Tráth na gCeist

**Tuilleadh eolais:**
**www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor**

GAA
TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN

Le Jamie Ó Tuama




# Seachtain na Gaeilge Gach Seachtain

***Tá Seachtain na Gaeilge thart le mí anuas ach ní hionann sin is a rá gur cheart dúinn éirigh as an nGaeilge go dtí mí Márta na bliana seo chugainn! Eagraíodh go leor imeachtaí i gclubanna fud fad na tíre le linn Sheachtain na Gaeilge i mbliana agus bhí cúigí, conteatha, clubanna agus baill páirteach sa chomhrá ar líne a eagraíodh ag an haischlib #GAAgaeilge. Ná cuirimis deireadh leis an gcomhrá anois! Coinnímis orainn ón gclub aníos ag cur chun cinn na Gaeilge inár gcuid clubanna agus inár gcuid pobal. Bíodh an Ghaeilge ag croílar ár gclubanna agus ár gCumainn!***

Tá Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha lárnach i gcur chun cinn na Gaeilge sna clubanna agus tá os cionn 150 club cláraithe leis an scéim go dtí seo i mbliana. Scéim í do chlubanna CLG atá á riar ag Glór na nGael i gcomhar le Cumann Lúthchleas Gael. Tá gach eolas faoin bhFondúireacht ar fáil anseo: https://www.glornangael.ie/clg/. Mara bhfuil do chlub cláraithe, cláraigh go beo iad!

Bíonn an Ghaeilge le feiceáil ar ardáin chumarsáide CLG ar bhonn laethúil agus is féidir teacht ar an nuacht is deireanaí GAAgaeilge ar shuíomh idirlín CLG anseo: https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/cultur-agus-gaeilge. Leanfar ag cur podchaoltaí Gaeilge ar fáil i gcomhar leis an An Spota Dubh ó Raidió na Life.

Bronntar Gradam Mhic Con Mídhe don phíosa iriseoireachta Gaeilge is fearr a bhaineann le cúrsaí CLG gach bliain. Bronnann Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael 'Gradam Gaeilge an Uachtaráin' ar dhuine a bhfuil éachtaí saoil déanta acu i gcur chun cinn na Gaeilge sa Chumann gach bliain, freisin.

Bíonn turais ar Pháirc an Chrócaigh ar fáil do ghrúpaí móra ach iad a lorg ó Mhúsaem Pháirc an Chrócaigh. Bíonn comórtas scríbhneoireachta Gaeilge á reáchtáil ag an Músaem gach bliain, freisin. Bíonn iarratais Ghaeilge – idir amhráin, nuachleasanna agus scéalaíocht/aithriseoireacht – ag babhtaí de chuid Scór. Eagraítear na comórtais seo go dátheangach agus bíonn go leor Gaeilge le cloisteáil ag Scór i gcónaí.

Tugtar rogha do gach dalta idirbhliana a dhéanann an clár 'Ceannairí don Todhchaí' nó 'Future Leaders' é a dhéanamh go hiomlán trí Ghaeilge.

Bíonn Cúl Camps ar fáil trí Ghaeilge ach an t-éileamh a bheith ann ó chlubanna. Tá acmhainní cóitseála Gaeilge, 'Céim Ar Aghaidh' ar fáil do mhúinteoirí agus do chóitsealaithe anseo: https://learning.gaa.ie/gaeilgepeceim

Tacaíonn Cumann Lúthchleas Gael le hobair eagraíochtaí Gaeilge ar bhealaí éagsúla – le Seachtain na Gaeilge, le hOireachtas na Gaeilge agus le Conradh na Gaeilge mar shampla.

Ní féidir gabháil go Páirc an Chrócaigh gan an Ghaeilge a chloisteáil ó Jerry Grogan, fear tí Pháirc an Chrócaigh ar laethanta cluichí. Ní feidir gabháil go cluiche i bPáirc an Chrócaigh gan ailt Ghaeilge a léamh sa chlár oifigiúil ó Mhártan Ó Ciardha nó ó Mhac Dara Mac Donncha, gan Ghaeilge a léamh i dTeachtaireacht an Uachtaráin agus gan í a fheiceáil i gCúinne na nÓg sa chlár. Tá comharthaíocht dhátheangach le feiceáil ar fud na staide agus ar an scáileán mór – gan trácht ar shúil an tseabhaic!!

Bhí 'Lá Mór na Gaeilge' ar siúl ag Cluichí Ceannais na hÉireann le cúpla bliain anuas áit a raibh an Ghaeilge fite fuaite in imeachtaí uile an lae – ar an scáileán mór, sa chlár, siamsaíocht leathama ar an bpáirc, fáinní crochta ar fud na staide, sa cheol a chasadh sa staid ar an lá agus i go leor leor bealaí eile. Bhí os cionn

70,000 duine i lathair ag an ócaid seo dhá bhliain ó shin. Tá muid an súil go mór le 'La Mór na Gaeilge' arís i mbliana!


Ceaptar Oifigeach Gaeilge i ngach contae gach bliain agus bíonn áit ag an té a cheaptar ar Bhord an Chontae. Bíonn Oifigeach Gaeilge le ceapadh i ngach club, freisin.

Sheol Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael Straitéis CLG don Ghaeilge ag Comórtas Peile na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne anuraidh agus tá feachtas ar bun ag an gCumann le cúpla bliain anuas lena gcuid ball a ghríosadh chun an Fáinne a chaitheamh. Seoladh an feachtas seo i gcomhar le Gael Linn agus le Conradh na Gaeilge – an dá eagraíocht a chuireann an fáinne ar fáil.

Tá blaisín beag de na rudaí a dhéanann Cumann Lúthchleas Gael chun an Ghaeilge a chur chun cinn le feiceáil thuas. Coinnímis orainn ag cur na Gaeilge ag croílar ár gCumainn. Eagraímis ócáidí agus imeachtaí Gaeilge ag leibhéal an chlub, an chontae, an chúige agus go náisiúnta ó cheann ceann na bliana. Déanimis ceiliúradh ar ár dteanga náisiúnta, ní hamháin le linn Sheachtain na Gaeilge, ach le linn na bliana ar fad.

#GAAgaeilge abú!



*Tá an Ghaeilge an-tábhachtach domsa. Labhraim í gach lá. Tá an Fáinne go hiontach mar is cuma cén caighdeán Gaeilge atá agat tá Fáinne ann do gach leibhéal.*

**Paul Conroy, Gaillimh**




# DÉAN FREASTAL AR AN GCAMPA IS GAIRE DUIT AN SAMHRADH SEO!




Is ansiúd a chasfaidh cairde do shaoil leat agus gheofaidh tú geansaí CLG saor in aisce, léine traenála agus mála droma faoi bhranda Campaí Cúl CLG Kellogg's.

Seachtain spleodrach spóirt do pháistí 6-13 le linn mhíonna Iúil agus Lúnasa 2020. Múinfidh oiliúnaithe cáilithe scileanna na gCluichí Gaelacha do pháistí atá ar gach leibhéal scile.

**Cláraigh anois ag gaa.ie/kelloggsculcamps**



## BÍODH SEANS AGAT AR AIRGEAD A BHUACHAN DO DO CHLUB CLG

Tá trí dhuais airgid de luach €5,000, €10,000 agus €25,000 le buachan. Níl le déanamh agat ach bosca gránaigh atá bainteach leis an gcomórtas a cheannach, an cód atá ar an mbosca a úsáid agus do chlub a roghnú ar gaa.ie/kelloggsculcamps. Caithfidh gach club ar a laghad 1,000 ainmniúchán a fháil le bheith sa chrannchur. Is é 28 Lúnasa, 2020, an dáta deiridh iontrála. Ádh mór!




Féach ar gaa.ie/kelloggsculcamps do na téarmaí agus coinníollacha. © 2020 GAA © 2020 Kellogg Company.

LGFA LADIES GAELIC FOOTBALL
SPORT IRELAND

### TRASNA


**2.** Curaidh Iomána Dhoire 2019 *7,5*
**4.** Club TJ Reid *2,8*
**5.** Bainisteoir Peile Liatroma *5,6*
**11.** Baile Chorcaí, Páirc__ *2,5*
**14.** Cluiche de chuid CLG *6,4*
**15.** Bainsiteoir Iomanaithe Luimnigh *5*
**16.** Seastán i bPáirc an Chrócaigh Ardán Uí ___ *5*

### SÍOS

**1.** Club Con O'Callaghan *5*
**3.** Iománaí Óg na Bliana 2019 *6,6*
**6.** Óstán inar bunaíodh CLG *5*
**7.** Contae Lee Chin *4, 6*
**8.** Captaen Pheileadóirí Chiarraí *8*
**9.** Bainisteoir Peileadóirí Thír Eoghain, *5*
**10.** Baile Mhaigh Eo, Páirc ___ *4,3*
**12.** Iar-Uachtarán ar CLG *8*
**13.** Captaen Pheleadóir Dhún na nGall *6*

**FREAGRAÍ**



# Scór – An bhfuil do chlub páirteach ann?



Bunaíodh Scór sa bhliain 1969 le caithimh aimsire agus cultúr na hÉireann a chur chun cinn – aidhm atá mar bhunchloch ag Cumann Lúthchleas Gael. Bíonn ocht gcomórtas ar fad ag Scór gach bliain – Rince Foirne, Amhránaíocht Aonair, Aithriseoireacht/Scéalaíocht, Bailéad-Ghrúpa, Nuachleas, Ceol Uirlise agus Tráth na gCeisteanna. Déantar ceiliúradh ar amhránaíocht, ceol, damhsa, scéalaíocht agus ar dhrámaíocht na hÉireann ag na comórtais seo de chuid Scór.

Bíonn comórtais ag trí leibhéal éagsúla de chuid Scór gach bliain. Scór na bPáistí do lucht bunscoile, Scór na nÓg do dhaoine faoi 17 agus Scór Sinsir do dhaoine fásta, nó daoine os cionn 17, cé go mbíonn cead ag líon áirithe daoine faoi 17 páirt a ghlacadh sna comórtais damhsa ag Scór Sinsir. Foghlaim tuilleadh faoi seo ar shuíomh idirlín Chumann Lúthchleas Gael.

Má ta suim agat páirt a ghlacadh i Scór cuir do chlub ar an eolas agus eagrófar babhtaí sa chlub le daoine a aimsiú le gabháil ar aghaidh le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann an chlub ag leibhéal an chontae. Téann buaiteoirí an chontae ar aghaidh ina dhiaidh sin le hionadaíocht a dhéanamh ar an gcontae ag leibhéal an chúige agus uaidh sin go Babhtaí Ceannais na Éireann thar ceann an chúige. Díreach ar nós aon chomórtas eile de chuid Chumann Lúthchleas Gael.

Spreagtar clubanna le hiontrálacha a dhéanamh i nGaeilge, i mBéarla nó go dátheangach sna comórtais 'Amhránaíocht Aonair', 'Aithriseoireacht/Scéalaíocht', 'Bailéad-Ghrúpa' agus 'Nuachleas', dar ndóigh!

Déanann TG4 taifeadadh beo ar Bhabhtaí Ceannais Scór gach bliain agus is féidir breathnú siar ar Bhabhtaí Ceannais Scór na nÓg 2018, a bhí ar siúl san Instítiúid Teicneolaíochta, Sligeach, anseo: https://www.youtube.com/watch?v=BkZ4AT5okxM&t=20s

Is gá a bheith i do bhall de chuid Chumann Lúthchleas Gael le páirt a ghlacadh i Scór. Tá tuilleadh eolais ar fáil faoi na comórtais uilig anseo: https://www.gaa.ie/the-gaa/cultur-agus-gaeilge/scor

***Gluais*** / Glossary
***caithimh aimsire*** – pastimes ***bunchloch*** – foundation stone ***aithriseoireacht*** – recitation ***ceiliúradh*** – celebration ***daoine fásta*** – adults ***cé*** – although ***líon áirithe*** – certain amount ***tuilleadh*** – more ***eagrófar*** – will be organised ***a aimsiú*** – to find ***ionadaíocht*** – representation ***spreag*** – to encourage ***iontrálacha*** – entries ***dátheangach*** – bilingual ***taifeadadh*** – recording ***gá*** – necessity

# Do Chlub, Do Chontae

## CLG Naomh Dominic, Ros Comáin



***Bunaithe:*** 1973
***Dathanna:*** Gorm agus Bán
***Líon Ball:*** 735 (381 Juvenile & 354 Adults)
***Craobhacha Peile Idirmheánach Contae (ó 1973):*** 4
***Craobhacha Iománaíochta Sinsir Contae (ó 1973):*** 2
***Laoch mór an chlub:*** Jimmy Murray (Naomh Pádraig), captaen fhoirne buacacha Chraobh Peile na hÉireann sna blianta 1943 agus 1944.
**Imreoirí Reatha Idirchontae:**
***Iománaíocht:*** Naos Ó Connachtáin, Micheál Ó Broin, Micheál Seosamh Mac Aogáin, Cormac Ó Maolaodha, Conal Ó Conghaile agus Liam Mac Giollachlaoin.
***Peil na mBan:*** Aimee Ní Choncúir agus Aoife Ní Ghaibhín.
***Camógaíocht:*** Áine Ní Mheadhra, Eimear Nic an Fhailí, Rachael Ní Dhúláin agus Caoimhe Ní Mhaolaodha.

*Níl aon tinteán mar do thinteán féin.*
*Do Chlub, Do Chontae!*



Tá CLG Naomh Doiminic suite idir pharóistí Chnoc an Chrochaire, Naomh Eoin agus Rath Ara i gContae Ros Comáin. Tá an club ag **croílár** an phobail agus tá foirne peile, peile na mban, iomána agus camógaíochta á gcur chun páirce ag an gclub ag gach aois.

Bunaíodh CLG Naomh Dominic sa bhliain 1973 nuair a tháinig Naomh Eoin, Rath Ara agus Naomh Pádraig le chéile. D'ainmnigh siad an club Naomh Dominic i ndiaidh Easpag Ail Finn, Dominic Conway, de bharr gur chaith Dominic a lán ama sa pharóiste nuair a bhí sé óg. **Ó shin i leith** tá ceithre chraobh idirmheánacha contae buaite acu sa pheil – 1973, 1982, 1995, 2007 – agus tá dhá Chraobh Shinsir Iomána buaite acu san iománaíocht – 1994 agus 1999.

Tá an club **fíorthábhachtach** don pharóiste mar a **mhínigh** Iar-Chathaoirleach an Chlub, Tomás Ó Muirí: "Is cuid lárnach den phobal an club sa lá atá inniu ann. Tá i bhfad níos mó i gceist le Naomh Dominic ná club C.L.G. Feicimid go bhfuil sé tábhachtach gach lá, mar shampla, nuair a fhaigheann teaghlach i dtrioblóid agus nuair a fhaigheann ball den chlub bás. Léiríonn an paindéim le déanaí, an Coróinvíreas, a **fhíorluach**. Mar a deir ár **mana**, ní **mórtas** cumann go Club Dominic Naofa."

Dar ndóigh, tá níos mó i gceist le Cumann Lúthchleas Gael ná na cluichí agus tá stair mhór **rathúil** ag CLG Naomh Doiminic i gcomórtais Scór. Leagtar **béim** an-mhór ar Scór sa chlub. Tá trí Chraobh Uile-Éireann buaite acu sa chomórtas Aithriseoireachta/Scéalaíochta agus ceann amháin sa chomórtas 'Léiriú' ag grád Scór na nÓg agus tá dhá Chraobh Uile-Éireann buaite acu i gcomórtas na mBailéad-Ghrúpaí ag grád Scór Sinsir.

***Gluais*** / Glossary
***croílár*** – very centre ***ó shin i leith*** – since then ***fíorthábhachtach*** – of huge importance ***mínigh*** – explain
***fíorluach*** – true worth ***mana*** – motto ***mórtas*** – pride ***rathúil*** – successful ***béim*** – emphasis

## *Cúinne na hArdteiste*

*Sliocht as alt ó Liam de Lása a scríobhadh i mí Mheán Fómhair, 2019*

# Ríthe na Tuaithe

***Tá aimsir na gclub faoi lánseol arís - an tráth is ansa linn ar fad.***

Tamall de bhlianta ó shin, bhíos ag déanamh **taighde** le rang ar scoil. Tionscnamh a bhí á dhéanamh againn ar 'Bhailiúchán na Scol'. Is éard atá i gceist leis an mbailiúchán seo ná bailiúcháin de scéalta agus seanchas a taifeadadh i ngach aon bhunscoil i lár na dtríochaidí ar fud na tíre. Fad is a bhíos ag tochailt, thánga ar scéal nach raibh ar eolas agam féin fiú agus mé ag fás aníos. Do rugadh fear a raibh ard-mheas ag lucht leanta CLG air cóngarach do mo thigh féin in áit iargúlta i ndeisceart Chill Chainnigh. Tommy Moore an t-ainm a bhí ar na bhfear uasal.

Do bhog sé go Baile Átha Cliath nuair a bhí sé óg agus d'imir sé le foireann shinsir na hardchathrach idir 1916 agus 1925. Bhuaigh sé dhá bhonn uile-Éireann le linn **tréimhse órga** do Bhaile Átha Cliath agus chaith sé daichead bliain mar Chathaoirleach ar chumann Fhág-a-Bealach idir 1929 agus 1969. ''Cé a chreidfeadh é sin?'' arsa mise liom féin. Fear a tháinig as áit chomh fiáin agus **iargúlta** mar sin a bhain **clú agus cáil** amach dó féin ina dhiaidh sin. Do rith an smaoineamh céanna liom agus Corn Tommy Moore á ardú ag Captaen Bhaile Héil, Michael Fennelly, ar Lá Fhéile Pádraig, 2019.

Dóibh siúd nach bhfuil eolas maith acu ar an bparóiste úd. Is **paróiste** fíorbheag é Baile Héil. Déanta na fírinne, níl faic fágtha den mbaile croíúil seo a bhíodh ann tráth dá raibh ach doirse ídithe ar an dá thaobh don té atá ag tiomáint tríd. Is **eiseamláir** iad ar shlí, conas teacht slán as Bánú na Tuaithe atá ag réabadh trí bhailte na hÉireann le lán os cionn deich mbliana anuas. Tá rud amháin a sheasann amach don spailpín fánach anseo. Is é sin go bhfuil gort CLG fós ag preabadh mar chroí na dúiche.

Ba dhána an mhaise é a rá le nóimeat amháin fágtha i gCluiche Leathcheannais an Chontae thíos i bPáirc Uí Nualláin go mbainfeadh Fennelly agus a chomrádaithe Ardán Uí Ógáin amach. Dhá chúilín chun deiridh a bhíodar nuair a sciorr iarracht dheireanach ó Colin Fennelly thar an líne chun croí Chaisleán an Chomair a bhriseadh ar an dtoirt. Scór cinniúnach ag am **cinniúnach** agus léiriú a rís dúinn nach bhfuil ach leathsheans ag teastáil ó dhaoine áirithe chun teacht





aniar a dhéanamh. Ba dheacair dúinn aon easnamh a aimsiú ar imirt Bhaile Héil as seo go dtí Cluiche Ceannais na hÉireann…

**CEISTEANNA**

1. ***Cé a scríobh an t-alt seo?***
2. ***Mínigh i do fhocail féin cad is brí leis na focail i gcó trom (bold)?***
3. ***Cén áit ar rugadh Tommy Moore (alt 1)?***
4. ***Cé a d'ardaigh Corn Tommy Moore ar Lá Fhéile Phádraig, 2019 (alt 2)?***
5. ***Céard a sheasann amach don 'Spailpín Fanach seo' sa tríú halt?***
6. ***Cá mhéad cúilín chun deiridh a bhí Baile Héil sular aimsigh Colin Fennelly cúl (alt 4)?***

***FREAGRAÍ***




# 10 x Ceist #GAAgaeilge Oraibh!

*Ná bígí ag googláil!*

1. Cá n-imríonn Maigh Eo a gcuid cluichí baile?

2. Cá mhéad uair ar bhuaigh Henry Shefflin Craobh Shinsir na hÉireann le hiománaithe Chill Chainnigh?

3. Cé a bhuaigh Craobh Peile na hÉireann sa bhliain 2012?

4. Cé a ainmníodh mar 'Iománaí na Bliana' sa bhliain 2017?

5. Cá mhéad Craobh Uile-Éireann atá buaite ag Ciarraí sa pheil?

6. Cé a bhí ina Uachtarán ar Chumann Lúthchleas Gael idir na blianta 2012 agus 2015?

7. Cén contae ina bhfuil CLG Roibeard Eiméid, Sleacht Néill lonnaithe?

8. Cén contae ar a dtugar 'An Contae Ríoga'?

9. Cén bhliain inar bhuaigh Corcaigh Craobh Peile na hÉireann go deireanach?

10. Cén t-ainm atá ar an óstán inar bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael ar 1 Samhain, 1884?

**FREAGRAÍ**



***Gluais*** / Glossary
***Ag googláil!!*** – Googling!! ***cluichí baile*** – home games ***iománaithe*** – hurlers
***Iománaí na Bliana*** – Hurler of the Year ***lonnaithe*** – situated ***An Contae Ríoga*** – The Royal County
***go deireanach*** – the last time ***óstán*** – hotel ***bunaíodh*** – founded

# Do Chlub, Do Chontae
# Caith an Fáinne!








Tá an Fáinne ar fáil ó
**www.gael-linn.ie / www.cnag.ie**

#GAAgaeilge

Conradh na Gaeilge    Gael Linn

Le Mártan Ó Ciardha

# An Síol a Cuireadh sa tSneachta

Ní haon ábhar iontais gurbh é an leabhar a foilsíodh faoin ainm thuas a thug leis duais na Gaeilge nuair a fógraíodh Gradaim Mhic Con Midhe 2019 le fíorghairid – bronntar na gradaim go bliantúil ar na saothair iriseoireachta, chumarsáide agus chaidrimh phoiblí is fearr.

Anuraidh, déanadh ceiliúradh ar an 50ú breithlá de chuid Chomórtas Peile na Gaeltachta i gCorca Dhuibhne i gCiarraí, an dúiche as ar thaistil foireann amháin de na bunaitheoirí 320 míle trí shioc agus trí shneachta ar an 4ú Eanáir 1969 gur shroicheadar Gaoth Dobhair, áit ar imir siad ina n-aghaidh fhoireann na háite sin sa gcéad chluiche eadar-Ghaeltachta dá raibh riamh ann.

As sin d'fhás Comórtas Peile na Gaeltachta agus tá cur síos cuimsitheach ar an stair a bhaineann leis siúd sa leabhar breá seo a chuir an t-iriseoir Seán Mac an tSíthigh in eagar thar ceann Chumann Caide na Gaeltachta don ócáid cheiliúrtha anuraidh. Lena chos sin, tá alt ann ag gach cumann a ghlac páirt sa gComórtas Peile ón gcéad bhliain amach.

Anuraidh, deireadh seachtaine na Cincíse thug 30 foireann de chuid na bhfear agus na mban as na seacht gcontaetha Ghaeltachta chomh maith le Cathair na dTreabh, Baile Átha Cliath agus Béal Feirste aghaidh ó dheas ar Ghallarus, áit ar imríodh 25 cluiche i gcúig ghrád éagsúla.

Mór an t-athrú sin ón am ar bhailigh ochtar déag Baile an Daingin soir agus iad ag tabhairt aghaidh ó thuaidh sa seanbhus Austin a bhí ag Pádraig Bric i 1969 - gan de chóras teasa inti ach a dtáinig óna gcuid colainne agus gan d'áit suite ag cúpla duine díobh sin ach baraille sa bpasáiste agus planc adhmaid a bhí leagtha idir dhá shuíochán.

Tá cur síos iontach sa leabhar ar an dturas ó thuaidh sa bhus, an fháilte a chuir muintir Ghaoth Dobhair rompu agus an róstadh a tugadh don ghabhar i ndiaidh na himeartha.

Creid é nó ná creid ba i Stáit Aontaithe Mheiriceá a labhraíodh ar dtús ar a leithéid de chomórtas. Ansiúd d'fhéadfá a rá a cruinníodh an síol a cuireadh sa sneachta ar pháirc imeartha Ghaoth Dobhair i Machaire Gathláin!

Bhí foireann Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, ar turas go Meiriceá i 1968 tar éis dóibh Corn Sigerson a bhuachan, nuair a tharla comhrá idir beirt imreoirí - Antóin Ó Ceabhaill peileadóir contae as Gaoth Dobhair agus an Ciarraíoch, Antóin de Baróid. Bhíodar beirt den bharúil gur bheag tacaíochta, a bhí le fáil ag foirne tuaithe go háirithe ó na húdaráis.

Níos deireanaí an bhliain sin agus post faighte aige mar bhainisteoir ar Chomharchumann Chorca Dhuibhne chuimhnigh an Baróideach ar an bplé agus eatarthu chuir an bheirt Antóin an síol agus imríodh an chéad chluiche.

Sna seachtainí a lean cuireadh coiste le chéile ar a raibh an Iúistís Seán Delap mar Uachtarán, de Baróid mar chathaoirleach, an Ceannfort Seán Ó Colmáin mar leas-chathaoirleach, múinteoir óg as Gaoth Dobhair Feardorcha Ó Colla ina rúnaí agus peileadóir Chiarraí Séamus Mac Gearailt ina chisteoir.

Tá achoimre chumasach déanta ag Mac an tSítigh sa leabhar ar an méid a bhí curtha rompu ag na bunaitheoirí:

"Bhí fís ag an gcoiste nua seo, fís a bhí i bhfad ní ba leithne agus ní ab uaillmhianaí ná cúrsaí peile amháin. Thuig baill an choiste go raibh modh aimsithe acu a




d'fhéadfaí a úsáid mar mhaithe le leas mhuintir na Gaeltachta, in iarracht feabhas a chur ar cheantracha a bhí lighte i ndearúd ag an stát le fada an lá. Braitheadh go raibh an fhaillí chéanna á dhéanamh ag Cumann Lúthchleas Gael sna ceantracha sa mhéid agus go raibh páirceana agus áiseanna ar chaighdeán íseal iontu agus gan d'acmhainn ag na pobail bheaga, a bhí scriosta ag imirce agus ag easpa fostaíochta dul i mbun forbartha."

Is é an feall go raibh cuid de na ceannródaithe sin imithe ar Shlí na Fírinne nuair a déanadh ceiliúradh ar thoradh a gcuid oibre ag Comórtas Peile na Gaeltachta 2019 i gCorca Dhuibhne áit a mbeadh pobal fuinniúil foirfe le feiceáil acu i mbun eagair, peileadóirí ó cheann ceann na tíre i mbun imeartha agus a raibh ina gcloigne i 1969 fíoraithe os comhar a dhá súil.

Búiochas le Dia bhí an bheirt Antóin agus Séamus ann nuair a glacadh buíochas leis na bunaitheoirí ar fad agus nuair a seoladh a n-ainmneacha siúd idir bheo agus mharbh amach ar aer an tsáile atá os cionn Chuan álainn Ard na Caithne.


Bheidís sásta fresin go bhfuil na páirceanna agus na háiseanna atá ag cumainn i ngach ceantar Gaeltachta anois gach pioc chomh maith nó níos fearr ná iad siúd atá ag a leathbhádóirí Galltachta agus a bhuíochas sin cuid mhaith ar an gComórtas Peile a bheith le heagrú acu ag tráth éigin i rith na 50 bliain seo caite.

Is dócha go raibh sé tráthúil go mba fhoireann Conallach agus foireann Duibhneach a bhainfeadh cluiche ceannais na sinsear amach anuraidh bliain an cheiliúradh – níorbh iad Gaoth Dobhair a bhí in aghaidh na Gaeltachta an babhta seo ach Cill Charthaigh.

Sháraigh críoch an chluiche sin formhór na n-imeachtaí spóirt a facthas in aon áit ar dhroim na cruinne le linn 2019. Ní raibh bealach níos oiriúnaí le ceiliúradh a dhéanamh ar fhís na mbunaitheoirí agus buíochas a ghlacadh leo siúd ar fad a raibh lámh san obair acu ó shin.

Bhí na foirne ar comhscór tar éis na huaire, dhá nóiméad le cois caite in am breise nuair a chiceáil Séamus Ó Muircheartaigh cúilín an bhua d'fhoireann na Gaelteachta (0-12, 0-11) - é 45 méadar amach ón gcúl agus leathchos dá chuid ar Thrá Bhaile an Reannaigh !

# Codanna an Chamáin




# Freagraí


### P. 11
### *Saol Thomáis Uí Fhlatharta – Cluastuiscint do Lucht Ardteiste!*

1. 15
2. Bord Soláthair Sláinte an Deiscirt
3. 1990
4. Micheál Ó Muircheartaigh
5. Cuala
6. Faoi 16
7. Craobh Laighean
8. Gaillimh agus Laois
9. Bhí an taisteal an-chrua air.
10. Ó Mathúna na hUaimhe, Cill Mochuda na Crócaigh agus Oileáin Árann

### P. 17
### *Cuardach Focal*



### P. 21
### *Crosfhocal*




### P. 16
### *Ríthe na Tuaithe*

1. Liam de Lása
2. i bhur focail féin
3. In ait iargúlta i nDeisceart Chill Chainnigh
4. Michael Fennelly
5. Tá gort CLG fós ag preabadh mar chroí na dúiche
6. Dhá chúilín

### P. 20
### *10 x Ceist #GAAgaeilge Oraibh!*

1. Páirc Mhic Éil Elverys
2. 10
3. Dún na nGall
4. Joe Canning
5. 37
6. Liam Ó Néill
7. Doire
8. An Mhí
9. 2010
10. Óstán Uí Aodha / Hayes' Hotel

Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha




## *Faigh tacaíocht d'Ár dTeanga !*

## *Our Games - Our Heroes - Get support for Our Language!*

Is scéim tacaíochta de chuid Ghlór na nGael agus de chuid Chumann Lúthchleas Gael í Fondúireacht Sheosaimh Mhic Dhonncha le haghaidh clubanna CLG ar mian leo an Ghaeilge a chur chun cinn. Cuirfidh Glór na nGael cuidiú ar fáil don Oifigeach Gaeilge i bhfoirm chomhairle, tacaíochta agus idéanna le tógáil ar an obair mhaith atá á déanamh sa chlub cheana féin. Is féidir deontas a lorg ón Fhondúireacht chun cuidiú leis na pleananna sin a chur i gcrích agus bronnfar bonn ar na clubanna as méid áirithe a bhaint amach ar son na teanga.

The Joe McDonagh Foundation is a support service provided by Glór na nGael and the GAA to clubs wishing to further the Irish Language in their community. Glór na nGael will offer help to the Oifigeach Gaeilge to give them direction, support and ideas to build on the good work that has already been done within the club. Grants are available from the Foundation to help realise your plans and medals will be awarded to clubs for various levels of achievement in promotion of the language.

Glór na nGael

GAA

www.glornangael.ie

Foras na Gaeilge | STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030 Ár dTeanga, Ár bPobal | An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta / Department of Culture, Heritage and the Gaeltacht | Crannchur Náisiúnta



TÁ ÁIT DÚINN UILIG ANN